



Is Fostóir Comhdheiseanna í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Leabhrán Eolais d'Iarrthóirí

Comórtas oscailte le haghaidh ceapacháin chuig an bpost mar

Bainisteoir Oibríochtaí AD (Conradh Sainchuspóra – Clúdach Saoire Máithreachais) ag leibhéal AOF, ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Dáta deiridh a nglacfar le hiarratais: **28th Meán Fómhair 2026, ag 3pm**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta do bheartas comhdheiseanna

Sonraí Teagmhála: Roinn Acmhainní Daonna

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

4 Sráid Chill Dara,

Baile Átha Cliath 2.

R-phost careers@nli.ie

Teileafón: (353) 1 6030200 | URL: <https://www.nli.ie/ga/ce-muid-fein/poist-i-leabharlann-naisiunta-na-heireann>

CÚLRA

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) an leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh an NLI in 1877 agus rinneadh institiúid fhéinrialaitheach cultúir di an 3 Bealtaine 2005 faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus Bord agus Stiúrthóir aici a fheidhmíonn faoi rialachas foriomlán an Bhoird. Tá an Bord, ar a bhfuil cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, freagrach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Tá thart ar 125 ball foirne fostaithe ag an Leabharlann agus cuireann siad obair i gcrích atá bunaithe ar chúig thosaíocht atá sonraithe sa straitéis atá in úsáid againn faoi láthair - bailiú, cosaint, nochtadh, rannpháirtíocht agus nuáil.

Comhroinneann NLI scéal na hÉireann leis an domhan trínár mbailiúcháin uathúla. Tugaimid aire do bhreis is dhá mhilliún déag earra, lena gcuimsítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, líníochtaí, earraí inbhailithe, ceol agus meáin dhigiteacha. Tá suíomhanna na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath, lena n-áirítear an Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta i mBarra an Teampaill, oscailte, saor in aisce, dóibh siúd go léir ar mian leo breathnú ar na bailiúcháin agus iad a iniúchadh trí sheomraí léitheoireachta ar díol spéise iad do chuairteoirí iad féin, trí thaispeántais shaibhre éagsúla, agus trí chlár poiblí gníomhach a chur ar fáil. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: [Eolas Ar | Leabharlann Náisiúnta na hÉireann](#)

AN RÓL

Tá Aonad Acmhainní Daonna an NLI i gcoilár beocht a chur faoi mhisean agus straitéis ár n-eagraíochta. Oibrímid i gcomhréir le luachanna NLI: fáilte, muinín, comhoibriú agus cur chuige forásach, agus tá obair an Aonaid suite faoi philéir straitéiseach Nuálaíochta NLI.

Baineann 4 ról leis an bhfoireann Acmhainní Daonna faoi láthair: Ceannaire na nAcmhainní Daonna; Bainisteoir Acmhainní Daonna AOF; Oifigeach Feidhmiúcháin; agus Printíseach Feidhmiúcháin Earcaíochta an NLI. Bíonn an tOifigeach Feidhmiúcháin freagrach go díreach don AOF. Cuid lárnach den ról seo is ea meantóireacht a dhéanamh ar dhaoine eile san fhoireann Acmhainní Daonna i gcomhthéacs éiteas foirne barr feabhais agus gairmiúlachta le tacaíocht ó oscailteacht agus fás. Tagann an teacht aniar atá againn mar fhoireann ón gcultúr seo a bhfuil béim ann ar luachanna.

Ag obair faoi Cheannaire Acmhainní Daonna, beidh an Bainisteoir Oibríochtaí Acmhainní Daonna freagrach as réimse níos leithne de chláraigrú ríthábhachtach, atá faoi réir ama ar fud raon iomlán shainchúram acmhainní daonna an NLI. Áirítear leis sin cláraigrú earcaíochta lán-timthrialla saolré fostaithe agus taithí fostaithe; tuairisciú ar chomhlíonadh, bailiú sonraí agus anailís; bainistíocht iniúcháireachta; comhpháirtíocht le bainisteoirí i mbainistíocht daoine agus caidreamh le fostaithe de réir an dea-chleachtais; forfheidhmiú beartais; an comhéadan a bhainistiú le soláthraithe seirbhíse

comhroinnte lena n-áirítear an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO); caidreamh dearfach a thógáil agus a choinneáil le páirtithe leasmhara - go himheánach agus go seachtrach.

Aithníonn an ról seo an tábhacht a bhaineann le taithí fostaithe, beartas, straitéis, riachtanais earnála agus nuálaíocht tionscail a chomhtháthú, bainisteoirí a chumhachtú trí chomhairle agus tacaíocht dea-chleachtais agus riosca a bhainistiú don eagraíocht trí chomhlíonadh agus nós imeachta. Ag an NLI tuigimid go dtosaíonn taithí fostaithe sula ndéantar iarratas ar an ról fiú; Is spreagthóirí straitéise agus gníomhairí an athraithe iad baill fhoireann Acmhainní Daonna NLI atá ag múnú lucht saothair NLI amach sna blianta atá amach romhainn.

Oibreoidh an t-iarrthóir rathúil i dtimpeallacht ina gcuirtear fáilte roimh nuálaíocht agus smaointe nua agus ina mbeidh scóip shuntasach ann chun cur go díreach le hAcmhainní Daonna agus le straitéis eagraíochtúil ar feadh théarma an Chonradh Sainchuspóra.

Tá an post sealadach seo le clúdach a sholáthar ar feadh tréimhse de Shaoire Mháithreachais, agus meastar go mairfidh sé ar feadh 12 mhí. Ó thús an róil beidh an t-iarratasóir rathúil freagrach as tascanna comhlíonta, tuairiscithe agus iniúchta atá ag brath ar am, mar gheall ar riachtanais R4 / R1, chomh maith le raon iomlán ár n-oibríochtaí AD gnóthach. Tugann na dualgaí iniúchta, comhlíonta agus tuairiscithe seo deis oibriú go trasfheidhmiúil agus cur go díreach le gealltanais eagraíochtúla an NLI; chomh maith le teagmháil a dhéanamh le piraí agus le comhghleacaithe inár rannáin líne laistigh den Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Tá Beartas don Obair Chumaisc an NLI, a thairgeann suas le trí lá in aghaidh na seachtaine ag obair ó chian, bainteach leis an ról seo. Oibríonn an fhoireann Acmhainní Daonna lá amháin ar an láthair agus lá amháin ag obair ó chian gach seachtain. Tá Uaireanta Oibre Solúbtha (fleisc-am), faoin mbeartas ábhartha NLI, bainteach leis an ról seo freisin.

DUALGAIS AGUS FREAGRACHTAÍ

Bainistiú laethúil ar fheidhm AD an NLI, lena n-áirítear:

- Bainistíocht líne an Oifigigh Feidhmiúcháin san Aonad Acmhainní Daonna;
- Próisis iniúcháireachta inmheánaí agus seachtraí a chomhordú;
- Tuairisciú comhlíontachta;
- Clárú earcaíochta lán-timthrialla a bhainistiú;
- Ionduchtú agus ionduchtú straitéiseach;
- Taithí fostaithe, lena n-áirítear tionscnaimh chun cur le planáil choinneála agus chomharbais;
- Clárú straitéiseach Foghlama agus Forbartha (L&D) a bhainistiú;
- Dul i gcomhpháirtíocht le bainisteoirí chun bainistíocht daoine dea-chleachtais a chinntiú;

- Forfheidhmiú beartais;
- Sainchomhairle a sholáthar ar chúrsaí Caidrimh Thionsclaíoch (IR);
- Bainistiú an chomhéadain le hOifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (ONSC) agus le soláthraithe seirbhíse comhroinnte eile;
- Promhadh d'fhoireann shealadach a bhainistiú;
- Cásanna casta agus stairiúla ONSC a bhainistiú;
- Leas-Dhuine Ainmnithe do Pholasaí um Chosaint Leanaí;
- Oiliúint agus meantóireacht don fhoireann Acmhainní Daonna;
- Dualgais eile a oireann don ról agus don ghrád de réir mar a d'fhéadfadh teacht chun cinn agus a iarrann bainistíocht NLI.

Is treoir ghinearálta ar an ról é an méid thuas agus ní cur síos uileghabhálach é ar dhualgais a bhaineann leis an ról ná leis na cúraimí a d'fhéadfaí a shannadh do ról an Bhainisteora Oibríochtaí Acmhainní Daonna san NLI.

CÁILÍOCHTAÍ, SCILEANNA & TAITHÍ IS GÁ

Bunriachtanais:

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú ina n-iarratas:

- Dhá bhliain ar a laghad barr feabhais léirithe i ról mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna;
- Taithí ar bhainistíocht iniúchóireachta;
- Taithí ar thuairisciú comhlíontachta;
- Taithí ar fheachtais earcaíochta timthriallta iomlána iomadúla agus comhuaineacha a reáchtáil;
- Saineolas suntasach ar chúrsaí ER agus IR, lena n-áirítear bainistiú promhaidh agus feidhmíochta; réiteach díospóidí agus coinbhleachta; agus rannpháirtíocht le comhlachtaí ionadaíocha fostaithe;
- Taithí ar bhainistíocht líne.

Riachtanais Inmhianaithe:

- Cáilíocht aitheanta iarchéime in Acmhainní Daonna nó i réimse gaolmhar.
- Taithí ar obair in Acmhainní Daonna san earnáil phoiblí;
- Obair thionchair i réimsí an Chothromais, an Chomhionannais, na hÉagsúlachta, an Chuimsithe agus na Muiníne;

- Teist go dtí seo ar chláir nuálacha L&D agus / nó ar chláir um athrú cultúir a chur chun feidhme.

Sonraíocht faoin bPearsa

- Féinspreagtha agus in ann oibriú as do stuaim féin;
- Mionchruinneas den chéad scoth;
- Scileanna idirphearsanta den scoth, le cur chuige comhoibríoch mar bhall d'fhoireann bheag;
- Oilte i mbainistiú páirtithe leasmhara (inmheánach agus seachtrach) agus an cumas caidrimh a chothú go rathúil;
- Sárscileanna eagrúcháin agus tosaíochta a bhfuil ar a gcumas ualaí oibre casta a bhainistiú;
- Cur chuige atá dírithe ar réitigh;
- Cumas cruthaithe a bheith ag obair le sprioc-amanna dochta agus freagrachtaí leanúnacha éagsúla;
- Dearcadh solúbtha dearfach;
- Cumas agus toilteanas scileanna nua a fhoghlaim;
- Cumas agus toilteanas scileanna a roinnt maidir le foghlaim foirne;
- Cinnteoireacht agus breithiúnas stuama;
- Discreíd agus rúndacht a choinneáil i gcónaí.

PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

TUARASTAL: Seo a leanas an scála pá a bhaineann leis an bpost seo (tá na rátaí éifeachtach ón 1 Meitheamh 2026):

Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (RPP)

Beidh feidhm ag scála pá RPP i gcás inar státseirbhíseach nó fostaí sa tseirbhís phoiblí cheana féin iad an ceapaí a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó ina dhiaidh sin agus a cheanglaítear orthu ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh. Beidh feidhm aige freisin maidir le fostaithe buana nua agus fostaithe neamhbhunaithe ar théarma seasta.

€60,029 €61,785 €63,537 €65,286 €67,044 €68,792 €70,547 €73,077* €76,546**

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

Pinsean Pearsanta Neamhranníocach (Non-PPC)

Beidh an tuarastal Non-PPC (Pinsean Pearsanta Neamhranníocach) don phost i bhfeidhm sa chás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí é an ceapaí a earcaíodh roimh an 6 Aibreán 1995 agus nach gceanglaítear orthu Pinsean Pearsanta Neamhranníocach a dhéanamh.

€57,173 €58,823 €60,471 €62,131 €63,794 €65,470 €67,134 €69,528* €72,829**

**Is éard is LSI 1 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 3 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

***Is éard is LSI 2 ann ná incrimint fadseirbhíse a bhronntar ar dhaoine tar éis dóibh 6 bliana a chur díobh ar an bpointe is airde ar an scála*

Nóta Tábhachtach

Tiocfaidh an té a cheapfar isteach ar bhun an scála agus ní dhéanfar aon idirbheartaíocht maidir le ráta an luacha saothair. D'fhéadfaí é a athrú ó am go ham i gcomhréir le beartas pá an Rialtais.

Ba chóir fios a bheith ag iarrthóirí go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist i gcás duine atá ag fónamh ina státseirbhíseach nó ina bhfostaí sa tseirbhís phoiblí faoi láthair.

Faoi réir feidhmíochta sásúla, d'fhéadfadh incrimintí a bheith iníoctha de réir Bheartas an Rialtais atá i bhfeidhm faoi láthair (féach mír 5.1 de Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2021 - 2022 chun na hathruithe is déanaí a fheiceáil).

Beidh an ráta pá a thairgfear iníoctha go coicísiúil ar bhonn riaráistí de bhun Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i do rogha cuntais bainc. Ní fhéadfar íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfidh tú uimhir IBAN agus IBIC ar fáil don Aonad AD. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Aontaíonn tú go bhféadfaí aon ró-íocaíocht tuarastail nó taistil agus chothaithe a asbhaint ó íocaíochtaí tuarastail atá dlite duit amach anseo, i gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá, 1991. Cuirfear suim na ró-íocaíochta agus sonraí maidir léi in iúl duit i scríbhinn agus tabharfar fógra seachtaine ar a laghad duit faoin asbhaint atá le déanamh. Beidh méid na hasbhainte cothrom agus réasúnta ag féachaint ar do na himthosca uile.

Tréimhse

Is ceapachán chun post sealadach i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é ar chríochnú an chonartha promhaidh de 6 mhí go rathúil. Ní chuireann sé sin cosc orainn síneadh a chur ar an tréimhse phromhaidh de réir cúinsí ábhartha. Le linn na tréimhse promhaidh, d'fhéadfadh an bainisteoir/na bainisteoirí ábhartha athbhreithniú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht an cheapaí chun a mheas:

- (i) ar fheidhmigh siad go sásúil.
- (ii) an raibh a n-iompar ginearálta sásúil.
- (iii) an bhfuil siad sásúil ó thaobh cúrsaí sláinte de agus go háirithe i ndáil le saoire bhreitheachta.

Fostaíocht Sheachtrach

Post lánaimseartha atá i gceist, agus ní cheadófar don cheapaí cleachtadh go príobháideach ná aon nasc a bheith acu le haon ghnóthas seachtrach a bheadh ag teacht salach ar a gcuid dualgas oifigiúil, a chuirfeadh as dá bhfeidhmíocht nó a chuirfeadh a macántacht i mbaol.

Suíomh

Beidh an t-iarrthóir rathúil bunaithe ag áitreabh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar Shráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2 ar dtús, ach d'fhéadfaí go mbunófar iad ag aon cheann d'áitribh na Leabharlainne i mBaile Átha Cliath.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, más cuí, leis an bpost seo.

Uaireanta Freastail

Beidh na huaireanta freastail mar a shocrófar ó am go ham ach beidh siad cothrom le, ar an meán, nach lú ná 41.25 uair an chloig comhlán in aghaidh na seachtaine ar an meán (35 uair an chloig glan in aghaidh na seachtaine).

Saoire Bhliantúil

Is é an liúntas saoire bhliantúil ná 29 lá oibre sa bhliain. Tá an liúntas seo faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú agus tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí curtha san áireamh.

Cúrsaí Sláinte

Ní mór d'iarrthóirí ar an bpost, agus do dhuine ar bith i mbun na hoifige, a bheith go hiomlán inniúil agus a bheith in ann tabhairt faoi na dualgais a cheanglaítear leis an oifig, agus a bheith i mbail sláinte a léireodh dóchúlacht réasúnach go mbeidh an cumas acu seirbhís rialta agus éifeachtúil a thabhairt.

Fógra tábhachtach:

Níl sa mhéid thuas ach na príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní hionann iad agus liosta uileghabhálach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta uile, a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an té a cheapfar.

PRÓISEAS AN CHOMÓRTAIS

Conas Iarratas a Dhéanamh

Ba chóir d'iarratasóirí cóip dá Curriculum Vitae reatha, mar aon le litir spéise, a chur isteach ar ríomhphost chuig Aonad Acmhainní Daonna Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag careers@nli.ie

Tabhair faoi deara gur chóir na doiciméid uile a bhaineann leis an iarratas a sheoladh isteach in aon doiciméad PDF amháin.

Cruthófar gearrliosta de na hiarratasóirí bunaithe ar an bhfaisnéis atá le fáil ina n-iarratas. Is iad na hiarratasóirí atá freagrach as a chinntiú go mbeidh siad ar fáil chun agallamh a dhéanamh ag an am agus ar an dáta sonraithe.

Beidh ainm agus sonraí teagmhála beirt mholtóir ag teastáil tar éis an agallaimh. Forchoimeádan an Leabharlann an ceart fiosrúcháin a dhéanamh a mheasann sí is gá i ndáil le hiarratasóir roimh phost a thairiscint.

Dáta Deiridh

Tabhair faoi deara gurb é **28th Meán Fómhair, 2026** ag **3pm** an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Cloífead go docht leis an dáta deiridh agus an sprioc-am sin.

Dícháileofar iarrthóirí má dhéantar stocaireacht ar bith ar a son.

Painéal

D'fhéadfaí painéal a bhunú mar thoradh ar an gcomórtas seo as a líonfar folúntais infheidhme ag Grád Ardoifigigh Feidhmiúcháin, buan agus sealadach, má bhíonn a leithéid i gceist amach anseo.

Socruithe Speisialta

Má theastaíonn aon socrú speisialta uait i ndáil le haon ghné den chomórtas seo, déan teagmháil le hr@nli.ie

Leagan Amach an Chomórtais

Féadfaidh roinnt gnéithe a bheith sa phróiseas roghnúcháin don chomórtas seo. D'fhéadfadh ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas a bheith i gceist leo:

- Ceistneoir Measúnaithe ar líne a chomhlánú;
- Tástáil Mheasúnaithe/Tástálacha Measúnaithe ar líne agus/nó ar pháipéir;
- Gearrliostú;
- Agalla(i)mh;
- Cleachtadh bunaithe ar Chur i Láthair/Anailís;
- Tástáil shamplach oibre nó aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheasfar a bheith cuí.

Gearrliostú

De ghnáth, is mó líon na n-iarratas a sheoltar isteach ar phost ná an líon iarratas a theastaíonn le folúntais reatha agus amach anseo don phost a líonadh. In ainneoin go gcomhlíonfadh iarrthóir na riachtanais incháilíochta don chomórtas, sa chás go mbeadh líon na n-iarrthóirí ar an bpost chomh hard sin nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach iarrthóir, féadfaidh an Leabharlann Náisiúnta líon teoranta iarrthóirí a ghlaoch chun agallaimh. Chuige sin, cuireann an Leabharlann Náisiúnta próiseas gearrliostaithe i bhfeidhm chun grúpa iarrthóirí a roghnú i gcomhair agallaimh a meastar fúthu gurb iadsan is mó a oireann don phost ar bhonn an athbhreithnithe a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú, agus critéir réamhchinnte á gcur san áireamh acu, ar bhonn riachtanais an ról, agus is iadsan a chinnfidh cé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar iarrthóir ar leith a ghearrliostú, le hais na n-iarrthóirí eile a chuir isteach ar an bpost. Ní hé sin le rá nach n-oireann iarrthóirí eile don phost nó nach mbeidís in ann dul i mbun an phoist, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an chosúlacht air, bunaithe ar a gcuid iarratas, a bheith níos cáilithe don phost áirithe seo agus/nó taithí níos ábhartha acu. Dá bhrí sin, tá sé chun do leasa féin cuntas beacht mionsonraithe a thabhairt ar do chuid cáilíochtaí/taithí san fhoirm iarratais.

Iarrthóireacht a mheastar a bheith tarraingthe siar

Ní bheidh aon éileamh ag iarrthóirí go gcuirfear san áireamh iad mura dtugann siad, nuair a iarrtar orthu, an fhianaise sin a theastaíonn ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i ndáil le haon ábhar atá ábhartha dá n-iarrthóireacht.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin

Déileálfar le hiarratais ar athbhreithniú de réir an doiciméid “Cód Chleachtais: Ceapacháin i bPoist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí” a d’fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí - tá an Cód le fáil ar láithreán gréasáin <https://www.cpsa.ie/ga/>

Is mar seo a leanas a chuirfidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann iarratais (arna gcur faoi bhráid an Aonaid Acmhainní Daonna) san áireamh lena mbreithniú: -

- Próiseas neamhfhoirmiúil a bhfuil leas le baint as taobh istigh de 5 lá oibre d'fhógra an chinnidh tosaigh (Alt 7.8 den Chód) nó taobh istigh de 2 lá oibre de chinneadh a fháil i ndáil le céim eatramhach (Alt 7.9 den Chód).
- Próiseas foirmiúil: ní mór an t-iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh taobh istigh de 10 lá oibre d'fhógra an chinnidh tosaigh, nó i gcás céim eatramhach, ní mór go bhfaighfí an t-iarratas ar athbhreithniú taobh istigh de 4 lá oibre (Alt 7.13 den Chód).
- Féadann an t-iarrthóir a iarraidh go ndéanfaidh eadránaí toradh an chinnidh athbhreithnithe tosaigh féin a athbhreithniú agus ba chóir iarratas chuige sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná 7 lá oibre tar éis toradh an athbhreithnithe tosaigh a fháil (Alt 7.15 den Chód).

Déantar plé in Alt 8 den Chód ar na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe/Achomhairc i ndáil le líomhaintí sháru an Chóid Cleachtais.

Aiseolas d'Iarrthóirí

De réir phrionsabail an Chóid Chleachtais thuas, tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tiomanta d'aiseolas soiléir, sonrach agus fiúntach a thabhairt d'iarrthóirí. Chuige sin, is é beartas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann é aiseolas a thabhairt i scríbhinn d'iarrthóirí. Cuimseofar leis seo marcanna an iarrthóra sa chomórtas, an marc a thagarmharcáil i gcoibhneas le feidhmíocht iarrthóirí eile agus trácht ón mbord measúnaithe maidir le feidhmíocht iomlán an iarrthóra faoi gach ceann de na ceannteidil den Chreat Inniúlachta.

Rochtain ar Fhaisnéis

Ginfear trí chóip den ábhar iarratais ón gcóip bhog a chuirfear isteach tráth an iarratais, le húsáid ag an mbord agallaimh. Ar chur i gcrích an chomórtais coinneoidh an tAonad Acmhainní Daonna cóip **AMHÁIN** agus scríosfar an **DHÁ** chóip eile. Beidh feidhm ag na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 - 2018.

AGUISÍN 1

Leibhéal an Ardoifigigh Feidhmiúcháin – Príomhtháscairí Feidhmíochta

Ceannasaíocht Foirne	Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile leis an bhfoireann le hardfheidhmíocht a éascú ach spriocanna soiléire, réalaíocha a leagan amach agus dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta má éiríonn a leithéid aníos
	Cuirfidh sé nó sí eolas agus comhairle shoiléir ar fáil maidir lena bhfuil sé nó sí ag súil leis ón bhfoireann
	Déanfaidh sé nó sí a s(h)eacht ndícheall bealaí nua oibre a chur i bhfeidhm le cuspóirí a bhaint amach go héifeachtach
	Tabharfaidh sé nó sí ceannaireacht agus dea-shampla uaidh nó uaithe ach cóitseáil agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá
	Leagfaidh sé nó sí an-bhéim ar an tábhacht a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne agus le scileanna agus acmhainn na foirne a uasmhéadú.
	Beidh sé nó sí solúbtha, sásta dul in oiriúint do chásanna nua, agus glacfaidh páirt dhearfach in athruithe a chur i bhfeidhm
Meastóireacht, Anailísiú agus Cinnteoireacht	Baileoidh sé nó sí eolas ó fhoinsí ábhartha, amhail foinsí airgeadais, foinsí uimhriúla nó foinsí eile, déanfaidh anailís uirthi agus measfaidh raon fachtóirí criticiúla
	Cuirfidh sé nó sí saincheistanna leathana, cláir oibre, íogaireachtaí agus na himpleachtaí a bhaineann leo san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige nó aici
	Cuirfidh an t-eolas agus an taithí atá ann cheana bonn eolais faoi na cinntí a dhéanfaidh sé nó sí
	Déanfaidh sé nó sí cinntí maithe a mbeidh bunús stuama, ciallmhar taobh thiar díobh agus seasfaidh le cinntí den sórt sin
	Cuirfidh sé nó sí réitigh chun cinn le dul i ngleic le fadhbanna
Bainistíocht & Torthaí a Bhaint Amach	Glacfaidh sé nó sí le freagracht as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
	Éireoidh leis nó léi raon tionscadail agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla a bhainistiú ag an am céanna
	Déanfaidh sé nó sí a c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile a struchtúru agus a eagrú go héifeachtach

	Glacfaidh sé nó sí le cur chuige loighciúil, pragmatach i leith na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil
	Dáilfidh sé nó sí obair ar dhaoine eile go héifeachtach agus cuirfidh eolas agus fianaise shoiléir ar fáil faoina bhfuil le déanamh
	Déanfaidh sé nó sí sainaithint réamhghníomhach ar rudaí a d'fhéadfaí a fheabhsú agus molfaidh bealaí praiticiúla le déanamh amhlaidh
	Glacfaidh sé nó sí go fonnmhar le forbairtí/cleachtais oibre nua agus déanfaidh a s(h)eacht ndícheall iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach
	Cuirfidh sé nó sí córais/próisis chuí i bhfeidhm le cáilíocht gach gnímh agus aschuir a sheiceáil
	Leagfaidh sé nó sí béim láidir ar sheirbhís d'ardchaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon
Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide	Cothóidh agus coinneoidh sé nó sí caidreamh le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile le cabhrú leis nó léi a ról a chomhlíonadh
	Feidhmeoidh sé nó sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta
	Spreagfaidh sé nó sí plé oscailte, dearfach ar shaincheistanna a bhaineann leis an obair
	Beidh sé de mhisneach aige nó aici beart a dhéanamh de réir a c(h)uid tuairimí, éireoidh leis nó léi tacaíocht a fháil trí achoimre a dhéanamh ar eolas ábhartha agus na buntáistí a chur ina luí ar chách
	Caithfidh sé nó sí le daoine eile go stuama tuisceanach agus léireoidh cúirtéis agus meas dóibh, fiú i gcásanna deacra
	Cuirfidh sé nó sí eolas in iúl ar bhealach soiléir, beacht, agus muiníneach cibé ó bhéal nó i scríbhinn é
	Oibreoidh sé nó sí as lámha a chéile le comhghleacaithe agus tacóidh leo spriocanna na heagraíochta a bhaint amach
Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt	Beidh tuiscint shoiléir aige nó aici ar ról, cuspóirí agus spriocanna an duine aonair agus na foirne ar fad agus ar an gcaoi a mbaineann siadsan le saothar an aonaid agus na Rannóige/na hEagraíochta. Déanfaidh sé nó sí cumarsáid éifeachtach le daoine eile, leis
	Beidh ard-saineolas aige nó aici ar a réimse oibre féin, chomh maith le cur amach leathan ar an Earnáil Phoiblí

	Beidh sé nó sí dírithe ar fhéinfhorbairt agus déanfaidh gach uile iarracht a f(h)eidhmíocht a fheabhsú
Dúthracht & Tiomantas do Threoirphrionsabail na Seirbhíse Poiblí	Féachann le hardleibhéal feidhmíochta a ghnóthú, le hinfheistíocht fuinnimh mhóir chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
	Léiríonn sé nó sí athléimneacht i leith cúinsí dúshlánacha agus éileamh mór
	Féadfar brath air nó uirthi go pearsanta
	Cinnteoídh sé nó sí go dtugtar tús áite don chustaiméir i ngach uile sheirbhís a chuirtear ar fáil
	Beidh ardchaighdeán ionracais, eitice agus macántachta aige nó aici